

GCE



Sonraíocht GCE CCEA

Sláinte agus Cúram Sóisialta

(Teastas Singil agus Dúbailte)

Le teagasc den chéadúair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéadúair Samhradh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéadúair Samhradh 2018
Cód Ábhair: 0003

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

3.1 Aonad AS 1: Cúram d’Ardchaighdeán a Chur Chun Cinn

San aonad seo, fiosraíonn daltaí luachanna an chúraim. Foghlaimíonn daltaí an dóigh a gcuireann oibrithe cúraim na luachanna i bhfeidhm ar bhonn laethúil trí imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais i suíomh roghnaithe sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta. Foghlaimíonn daltaí an dóigh a dtéann reachtaíocht i bhfeidhm ar shuíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta. Déanann siad luacháil ar éifeachtacht na bpolasaithe i gcur chun cinn cúram d’ardchaighdeán. Déanann daltaí taighde ar shampla amháin de dhroch-chleachtas agus na héifeachtaí aige ar leas na n-úsáideoirí seirbhísí, ar úsáideoirí féideartha seirbhísí, ar an fhoireann atá freagrach, ar theaghlaigh agus ar oibrithe cúraim nó ar an eagraíocht. Caithfidh daltaí a bheith cúramach maidir le rúndacht a choinneáil.

Déantar luacháil ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Luachanna an chúraim.	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar luachanna an chúraim is bonn le gach cleachtas sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta agus an dóigh a gcuireann cleachtóirí i bhfeidhm iad ina gcuid oibre, ar a n-áirítear na rudaí a leanas a chur chun cinn: <ul style="list-style-type: none"> – cearta an duine aonair agus roghanna; – cleachtas in aghaidh leithcheala a bhaineann le cine, creidiúintí, inscne, míchumas, cumas cognaíoch, meabhairshláinte agus gnéasacht; agus – meas agus dínit; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a bhfuil tionchar dearfach ar úsáideoirí seirbhísí ag cur i bhfeidhm luachanna an chúraim.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Reachtaíocht a chuireann cúram d'ardchaighdeán chun cinn</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm maidir leis an dóigh a bhfuil tionchar ag eochairghnéithe na rudaí a leanas ar shuíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta: <ul style="list-style-type: none"> – Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL) (<i>UNCRC</i>) a daingníodh in 1990; – <i>The Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005</i>; – <i>Safeguarding Vulnerable Groups (Northern Ireland) Order 2007</i>; – <i>The Human Rights Act 1998</i>; – <i>Disability Discrimination Act 1995</i> agus <i>Disability Discrimination (Northern Ireland) Order 2006</i>; – <i>The Mental Health (Northern Ireland) Order 1986</i>; agus – <i>The Children (Northern Ireland) Order 1995</i>: na cúig eochairphrionsabal;
<p>Sláinte agus sábháilteacht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar na heochairghnéithe den <i>Health and Safety at Work (NI) Order 1978</i> (ar a n-áirítear <i>Control of Substances Hazardous to Health (COSHH)</i> agus <i>Reporting Injuries, Diseases and Dangerous Occurrences Regulations (RIDDOR)</i>) agus plé a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm iad sa tsuíomh roghnaithe; agus
<p>Polasaithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> • luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht na bpolasaithe le cúram d'ardchaighdeán a chur chun cinn i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – sceithireacht; – gearáin; – úsáid na meán sóisialta; – cumhdach; – toiliú, mar shampla faoi choinne grianghraf a ghlacadh de pháiste nó faoi choinne cóireáil ospidéil; – taifid agus bainistíocht faisnéise; – bainistíocht cógais leighis; agus – polasaithe eile a bhaineann go sonrach leis an tsuíomh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Tionchar an droch-chleachtais	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann: <ul style="list-style-type: none"><li data-bbox="523 376 1331 450">• taighde a dhéanamh ar dhroch-chleachtas i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta sa RA (<i>UK</i>); agus<li data-bbox="523 495 1331 645">• measúnú a dhéanamh ar an tionchar fhéideartha a bhaineann le droch-chleachtas ar úsáideoirí seirbhísí, ar an fhoireann atá freagrach, ar úsáideoirí féideartha seirbhísí, ar theaghlaigh, ar oibrithe cúraim nó ar an eagraíocht.

Tasc Measúnaithe ar Chúram d’Ardchaighdeán a Chur Chun Cinn

Cuireann daltaí tuairisc scríofa ar fáil atá bunaithe ar shuíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta a bhfuil taithí acu air. Ba cheart na rudaí a leanas a chur san áireamh sa tuairisc atá bunaithe ar an imscrúdú acu den tsuíomh:

- A plé a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh an fhoireann na trí cinn de luachanna an chúraim a chur i bhfeidhm san obair acu, agus an dóigh a bhfuil tionchar dearfach acu ar úsáideoirí seirbhísí (**1200** focal);
- B cur síos a dhéanamh ar an dóigh a dtéann dhá phíosa reachtaíochta i bhfeidhm ar an tsuíomh roghnaithe (**800** focal);
- C plé a dhéanamh ar ghnéithe cuí de reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta á gcur i bhfeidhm sa tsuíomh (**1200** focal); agus
- D luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht dhá pholasaí le cúram d’ardchaighdeán a chur chun cinn sa tsuíomh roghnaithe (**800** focal).

Déanfaidh siad taighde fosta ar shampla de dhroch-chleachtas i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta sa Ríocht Aontaithe. Caithfidh na rudaí a leanas a bheith san áireamh in obair na ndaltaí:

- E (i) achoimre ar an tsampla le trácht achomair ar bhailíocht na fianaise (**300** focal); agus
- (ii) measúnú ar thionchar nó tionchar féideartha an droch-chleachtais ar úsáideoir(í) seirbhísí agus dhá cheann de na rudaí a leanas:
 - an fhoireann atá freagrach as an droch-chleachtas;
 - úsáideoirí féideartha seirbhísí nó úsáideoirí eile seirbhísí;
 - teaghlaigh;
 - baill eile foirne; nó
 - an eagraíocht (**700** focal).

3.2 Aonad AS 2: An Chumarsáid i Suíomhanna Sláinte, Cúram Sóisialta, agus Luathbhlianta

San aonad seo, fiosraíonn daltaí scileanna cumarsáide agus teicnící a úsáidtear i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta agus a gcuid scileanna cumarsáide a fhorbairt.

Faigheann daltaí tuiscint ar an dóigh a bhfuil scileanna éifeachtacha cumarsáide tábhachtach le caidrimh mhaithe a fhorbairt agus le cúram d’ardchaighdeán a chur chun cinn.

Scríobhann na daltaí tuairisc ar na scileanna cumarsáide a bhreathnaíonn siad i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta. Déanfaidh siad luacháil fosta ar a gcuid scileanna cumarsáide féin trí idirghníomhaíocht a dhéanamh. Caithfidh an idirghníomhaíocht seo a bheith ar siúl sa tsuíomh.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
An chumarsáid i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • an réimse leathan daoine a mbíonn an fhoireann i mbun cumarsáide leo a shainathint (mar shampla úsáideoirí seirbhísí, réimse de dhaoine gairmiúla, comhghleacaithe nó teaghligh) i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na cineálacha éagsúla cumarsáide i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta: <ul style="list-style-type: none"> – briathartha; – neamhbhriathartha; – scríofa; agus – cumarsáid leictreonach (amhail ríomhphost, SMS nó físchomhdháil); agus • cur síos a dheanamh ar na feidhmeanna cumarsáide i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – le caidrimh a chur chun cinn agus le tacaíocht a thabhairt; – le haithne a chur ar úsáideoirí seirbhísí agus na riachtanais atá acu;

Inneachar	Torthaí Foghlama
	<ul style="list-style-type: none">– le hidirghníomhaíocht idir baill ghrúpa a chur chun cinn;– le hidirbheartaíocht a dhéanamh agus le dul i gcomhairle le húsáideoirí seirbhísí, a mbaill teaghlaigh,– comhghleacaithe agus réimse daoine gairmiúla;– le nósanna imeachta a mhíniú; agus– le heolas a mhalartú.

Tasc Measúnaithe ar Chumarsáid i Suíomhanna Sláinte, Cúram Sóisialta agus Luathbhlianta

Cuireann daltaí tuairisc ar fáil ina ndéantar scrúdú ar na scileanna cumarsáide i suíomh sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta. Cuireann siad luacháil chriticiúil ar fáil fosta ar a gcuid scileanna cumarsáide féin in idirghníomhaíocht duine le duine nó in idirghníomhaíocht ghrúpa.

Caithfidh na rudaí a leanas a bheith san áireamh in obair na ndaltaí:

- A cur síos ar dhá chineál éagsúla cumarsáide a úsáidtear sa tsuíomh roghnaithe acu agus míniú ar an fheidhm atá le gach ceann acu (**800** focal);
- B cur síos ar an dóigh a dtacaíonn na tosca a leanas le cumarsáid éifeachtach le húsáideoirí seirbhísí sa tsuíomh roghnaithe acu:
 - rúndacht;
 - tosca fisiceacha;
 - tosca mothúchána; agus
 - scileanna cumarsáide na gcleachtóirí (**1200** focal);
- C cur síos ar na bacainní féideartha ar an chumarsáid le húsáideoirí seirbhísí sa tsuíomh roghnaithe agus measúnú ar an dóigh ar féidir iad seo a shárú (**1200** focal);
- D anailís ar an dóigh a ndéanann baill foireann amháin cumarsáide sa tsuíomh roghnaithe acu agus an dóigh a gcuireann sí seo le cúram d'ardchaighdeán d'úsáideoirí seirbhísí (**800** focal); agus
- E luacháil chriticiúil ar cheachtar acu idirghníomhaíocht duine le duine nó idirghníomhaíocht ghrúpa a bhí acu sa tsuíomh roghnaithe, agus moltaí bunaithe ar dhea-chleachtas lena gcuid scileanna cumarsáide féin a fheabhsú (**1000** focal).

San aonad seo, caithfidh daltaí a bheith cúramach maidir le rúndacht a choinneáil.

3.3 Aonad AS 3: Sláinte agus Folláine

San aonad seo, foghlaimíonn daltaí faoi eochairchoincheapa na sláinte agus na folláine, réimse riachtanas na n-úsáideoirí seirbhísí agus tionchar na sláinte agus na drochshláinte ar dhaoine aonair. Déanann siad inscrúdú ar réimse tosca a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine. Fiosraíonn na daltaí cuir chuige maidir le cur chun cinn na sláinte agus déanann siad imscrúdú ar fheachtas. Déanann siad machnamh ar na róil atá ag réimse eagraíochtaí atá freagrach as sláinte agus as folláine. Aithníonn daltaí tionchar an leithcheala ar shláinte agus ar fholláine agus an tábhacht atá le cleachtas in aghaidh leithcheala i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta.

Is scrúdú scríofa dhá uair an chloig é an measúnú don aonad seo ina bhfuil idir fhreagairtí gairide agus fhreagairtí sínte de dhíth.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Coincheapa na sláinte agus na folláine	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • sainmhíniú a thabhairt ar na coincheapa seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – sláinte; – drochshláinte; – galar; – breoiteacht bainteach le strus; – meabhairshláinte; agus – meabhairghalar; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchána agus shóisialta atá ag úsáideoirí seirbhísí amhail páistí, daoine aosta, iad siúd a bhfuil breoiteacht orthu, míchumais fhisiceacha, míchumais foghlama nó riachtanais mheabhairshláinte orthu; • eolas agus tuiscint a léiriú ar dhóigh le riar ar na riachtanais seo i réimse suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta; • luacháil a dhéanamh ar thionchar féideartha na sláinte fisicí agus na drochshláinte ar fholláine shíceolaíoch; agus • measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na drochshláinte ar na rudaí seo a leanas maidir le daoine aonair agus a dteaghlaigh araon: <ul style="list-style-type: none"> – oideachas; – fostaíocht; – ioncam; – gníomhaíochtaí fóillíochta; agus – caidrimh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Tosca a théann i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na tosca socheacnamaíocha a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch daoine aonair: <ul style="list-style-type: none"> – inscne; – aicme shóisialta; – tithíocht; agus – cultúr agus eitneacht; • plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na tosca fisiceacha a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch daoine aonair: <ul style="list-style-type: none"> – riocht géiniteach a fhaightear ó oidhreacht; agus – breoiteacht ainsealach nó galar a bhaineann leis an phróiseas aosaithe; • plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na tosca timpeallachta a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch daoine aonair: <ul style="list-style-type: none"> – suíomh geografach; – truailliú; agus – guaiseacha oibre ; • plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na tosca iompraíochta a leanas dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch daoine aonair: <ul style="list-style-type: none"> – aclaíocht agus easpa aclaíochta; – drochaiste bia agus aiste mhaith bia; – caitheamh tobac; – mí-úsáid alcóil; agus – úsáid dhrugaí neamhdhleathacha; agus
<p>Cur chun cinn na sláinte</p>	<ul style="list-style-type: none"> • cur síos agus luacháil a dhéanamh ar na cuir chuige a leanas maidir le cur chun cinn na sláinte: <ul style="list-style-type: none"> – míochaine; – athrú sóisialta; – oideachasúil; – athrú iompraíochta; agus – spreagadh trí eagla.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Leithcheal agus cleachtas in aghaidh leithcheala i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • sainmhíniú a thabhairt ar na téarmaí claontacht agus leithcheal; • cur síos a dhéanamh ar shamplaí de leithcheal agus de chleachtas in aghaidh leithcheala a bhaineann leis na rudaí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – cine; – creidiúintí; – inscne; – míchumas; – cumas cognaíoch; – meabhairsláinte; agus – gnéasacht; • anailís a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le bainisteoirí cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta, mar shampla trí na rudaí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – polasaithe amhail gearáin agus sceithireacht; – cleachtais amhail oiliúint agus maoirseacht foirne; – dea-cheachtas a dhéanamh ina gcleachtas féin; agus – dúshlán a thabhairt go díreach do chleachtais leithcheala agus próisis smachta a úsáid nó gearán faoi fhoireann a dhéanamh lena gcomlachais ghairmiúla; agus • tuiscint a léiriú ar an dóigh ar féidir le cleachtas leithcheala agus cleachtas in aghaidh leithcheala araon dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch úsáideoirí seirbhísí.

3.4 Aonad AS 4: Páistí a Chumhdach

Cuirfidh an t-aonad seo na saincheistean deacra agus íogaire a bhaineann le cosaint páistí i láthair do na daltaí. Tabharfaidh sé eolas agus tuiscint dóibh ar chumhdach i suíomhanna luathbhlianta. Saináithníonn daltaí suíomh agus cuireann siad síos ar noirm fhorbartha páiste ar aois ar leith (1–8 mbliana d’aois) a d’fhéadfadh freastal ar an tsuíomh sin. Déanann siad anailís fosta ar an dóigh a gcuireann an fhoireann sa tsuíomh forbairt chun cinn agus ar an dóigh a dtéann teoiricí i bhfeidhm ar chleachtas. Cuireann na daltaí áis eolais ar fáil fosta do bhall úr foirne i suíomh luathbhlianta, le béim leagtha ar an dóigh a bhféadfadh oibríthe luathbhlianta mí-úsáid a aithint agus na freagrachtaí atá orthu maidir le cumhdach. Déanann na daltaí anailís ar réimse tosca a gcuireann le mí-úsáid páistí.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Forbairt dhearfach a chur chun cinn i suíomhanna luathbhlianta</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • noirm fhorbartha fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta a shainaithint i gcás páiste atá idir 1 agus 8 mbliana d’aois a bheadh ag freastal ar shuíomh luathbhlianta; • anailís a dhéanamh ar straitéisí éagsúla is féidir leis an fhoireann sa tsuíomh ar leith a úsáid le forbairt fhisiceach, intleachtúil, mhothúchánach agus shóisialta páiste den aois roghnaithe a chur chun cinn, mar shampla trí na rudaí a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> – gníomhaíochtaí a eagrú; agus – idirghníomhaíocht a spreagadh; agus
<p>Tionchar na dteoiricí i suíomhanna luathbhlianta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • plé a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh teoiricí tionchar a imirt ar chleachtas sa tsuíomh roghnaithe, mar shampla le forbairt teanga a chur chun cinn, bainistiú iompraíochta, spreagadh na foghlama nó polasaithe socrú isteach: <ul style="list-style-type: none"> – forbairt chognaíoch nó tógachas cognaíoch (Piaget); – tógachas sóisialta (Vygotsky); – riochtú oibríoch (Skinner); – teoiric na foghlama sóisialta (Bandura); – forbairt shíceasóisialta (Erikson); nó – teoiricí ceangail (mar shampla Bowlby).

Tasc Measúnaithe ar Chumhdach Páistí

Sainithníonn daltaí suíomh luathbhlianta agus aois ar leith do pháiste a bheadh ag freastal air (idir 1 agus 8 mbliana d'aois) agus tuairisc a scríobh ina bhfuil na rudaí a leanas:

- A cur síos ar na noirm fhorbartha fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchána agus shóisialta do pháiste den aois roghnaithe (**800** focal);
- B anailís ar na cineálacha éagsúla straitéisí a thig leis an fhoireann sa tsuíomh roghnaithe a úsáid le forbairt fhisiceach, intleachtúil, mhothúchána agus shóisialta an pháiste a chur chun cinn (**800** focal); agus
- C díospóireacht ar an dóigh a bhféadfadh dhá theoiric dul i bhfeidhm ar chleachtas sa tsuíomh roghnaithe (**1000** focal).

Cuireann na daltaí áis eolais ar fáil fosta don fhoireann atá ag obair i suíomh luathbhlianta. Ba cheart go mbeadh na rudaí a leanas ann:

- D (i) breac-chuntas ar chineálacha mí-úsáide agus comharthaí féideartha mí-úsáid páistí (**600** focal); agus
- (ii) plé ar na freagrachtaí cumhdaigh atá ar an fhoireann sa tsuíomh mar a bhfuil cur síos orthu sa pholasaí cosanta páistí agus sa pholasaí sceithireachta (**600** focal); agus
- E anailís ar na trí thoisc a d'fhéadfadh baol mí-úsáid páistí a mhéadú, bunaithe ar dhá fhoinse thánaisteacha ar a laghad do gach toisc (**1200** focal).

3.5 Aonad AS 5: Úsáideoirí Fásta Seirbhísí;

San aonad seo, díríonn daltaí ar réimse na n-úsáideoirí fásta seirbhísí a bhfuil tacaíocht, cuidiú nó cóireáil de dhíth orthu ó sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta. D'fhéadfadh míchumais fhisiceacha, meabhairghalair, míchumais foghlama a bheith ar úsáideoirí seirbhísí nó iad ina ndaoine aosta. Déanann na daltaí scrúdú ar eochairchoincheapa agus riachtanais agus an dóigh le riar a dhéanamh orthu siúd. Forbraíonn siad eolas agus tuiscint ar ról na bpríomhdhaoine gairmiúla atá bainteach le cúram a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí. Déanann na daltaí imscrúdú ar an dóigh a ndéantar seirbhísí a phleanáil, ó pholasaí rialtais go dtí an timthriall pleanála cúraim. Déanann siad scrúdú fosta ar pholasaithe ábhartha agus ar luachanna an chúraim atá mar bhonn na hoibre ag gairmeacha an chúraim. Déanann siad scrúdú ar an dóigh a gcuireann seirbhísí comhtháite sláinte agus cúram sóisialta, cúram ar fáil. Déanann siad anailís fosta ar reachtaíocht agus ar pholasaithe ábhartha a thugann tacaíocht do chúramóirí agus d'úsáideoirí seirbhísí.

Is scrúdú scríofa dhá uair an chloig é an measúnú don aonad seo ina bhfuil idir fhreagairtí gairide agus fhreagairtí sínte de dhíth.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Coincheapa a bhaineann le húsáideoirí fásta seirbhísí</p> <p>Riachtanais na n-úsáideoirí seirbhísí a shainithint agus riar a dhéanamh orthu</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • míniú a thabhairt ar na coincheapa a leanas a úsáidtear go coitianta nuair atáthar ag obair le húsáideoirí fásta seirbhísí i suíomhanna sláinte agus cúram sóisialta: <ul style="list-style-type: none"> – coincheap an riachtanais; – daoine fásta a bhfuil cosaint de dhíth orthu; – míchumas; – cumasú; agus – cúram duinelárnach; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta a bhaineann le grúpaí úsáideoirí fásta seirbhísí (daoine aosta agus iad siúd a bhfuil míchumais fhisiceacha, míchumais foghlama agus meabhairghalair orthu); agus • plé a dhéanamh ar an dóigh le riar a dhéanamh ar na riachtanais seo agus an tábhacht a bhaineann le riar a dhéanamh orthu.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Riachtanais na n-úsáideoirí seirbhísí a shainaitheint agus riar a dhéanamh orthu (ar lean.)</p> <p>Pleanáil agus soláthar d'úsáideoirí fásta seirbhísí;</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar ról na gcleachtóirí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – fisiteiripeoirí; – teiripeoirí urlabhra agus teanga; – teiripeoirí saothair; – Dochtúirí Ginearálta; – síciatraithe; – altraí (daoine fásta, meabhairsláinte agus míchumas foghlama); – oibrithe sóisialta; – oibrithe cúram baile; – oibrithe tacaíochta; – cúntóirí cúraim; agus – pléadálaithe; • tuiscint a léiriú ar choincheap an athchumasaithe, an dóigh a bhfuil sé difriúil ó chúram traidisiúnta baile agus na tairbhí féideartha aige; • anailís a dhéanamh ar an timthriall pleanála cúraim agus an dóigh ar féidir é a chur i bhfeidhm d'úsáideoirí fásta seirbhísí, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – measúnú; – pleanáil; – cur i bhfeidhm; – monatóireacht; – luacháil; agus – mionathrú; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar an ghá atá le hathrú i soláthar seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta i dTuaisceart Éireann mar atá leagtha amach in <i>Transforming Your Care: A Review of Health and Social Care in Northern Ireland 2011</i>, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – pobal atá ag dul i méid agus in aois; – méadú ar leitheadúlacht riochtaí fadtéarmacha; – éileamh méadaitheach ar leapacha ospidéal agus róbhrath orthu; – deacrachtaí le soláthar lucht oibre cliniciúil; agus – an gá atá le táirgiúlacht níos mó agus le luach ar airgead.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Pleanáil agus soláthar d'úsáideoirí fásta seirbhísí (ar lean.)</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar an tionchar fhéideartha de <i>Transforming Your Care</i> ar sholáthar seirbhíse bunaithe ar an tsamhail bheartaithe do shláinte agus cúram sóisialta comhtháite; • eolas agus tuiscint a léiriú ar inneachar na bpolasaithe a leanas in eagraíochtaí sláinte agus cúram sóisialta agus an dóigh a bhféadfadh iad seo cur ar chumas na n-úsáideoirí seirbhísí cúram d'ardchaighdeán a fháil: <ul style="list-style-type: none"> – polasaí rúndachta; – polasaí cumhdaigh do dhaoine fásta; agus – polasaí sceithreachta; • eolas agus tuiscint a léiriú ar réimse na seirbhísí d'úsáideoirí fásta seirbhísí atá curtha ar fáil ag: <ul style="list-style-type: none"> – soláthraithe reachtúla; – soláthraithe (príobháideacha agus deonacha araon) neamhspleácha; agus – cúramóirí neamhfhoirmiúla; • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a maoinítear soláthraithe reachtúla, príobháideacha agus deonacha; • plé a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar laigí soláthar seirbhísí ag: <ul style="list-style-type: none"> – soláthraithe príobháideacha; – soláthraithe reachtúla; agus – soláthraithe deonacha; • anailís a dhéanamh ar ról na gcúramóirí neamhfhoirmiúla agus na deacrachtaí a bheadh acu; • plé a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar laigí cúram neamhfhoirmiúil do na faighteoirí fásta; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar an <i>Carers and Direct Payment Act (Northern Ireland) 2002</i> agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar aige ar úsáideoirí seirbhísí agus ar chúramóirí.

3.6 Aonad AS 6: Teiripí Iomlánaíoch

San aonad seo, déanann daltaí imscrúdú ar an chur chuige iomlánaíoch le riochtaí éagsúla sláinte a bhainistiú. Bíonn an deis acu le taighde a dhéanamh ar réimse teiripí iomlánaíoch agus iad seo a chur i gcomparáid le cóireálacha leighis.

Cuireann go leor suíomhanna sláinte agus cúram sóisialta teiripí iomlánaíoch ar fáil dá n-úsáideoirí seirbhísí mar chuid dá gcóireáil. Déanann daltaí imscrúdú ar úsáid na dteiripí iomlánaíoch sna suíomhanna seo. Déanann siad taighde fosta ar threochtaí reatha agus luacháil ar éifeachtacht na dteiripí iomlánaíoch. Cuireann na daltaí áis eolais ar fáil ar theiripí iomlánaíoch agus tuairisc faoina n-úsáid i suíomh amháin.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Teiripí iomlánaíoch</p>	<p>Ba cheart do dhaltá a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar theiripí iomlánaíoch, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – snáthaidpholladh; – cumhartheiripe; – luibhliacht; – Pilates; – reifléacseolaíocht; nó – cinéiseolaíocht; • eolas agus tuiscint a léiriú ar stair, úsáidí agus gnéithe sábháilteachta na dteiripí iomlánaíoch a bhfuil cur síos orthu; agus
<p>Bainistíocht agus cóireáil riochtaí sláinte</p>	<ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar úsáid na gcur chuige míochaine (amhail cógas, máinliachta, fisiteiripe agus comhairle a thabhairt ar athruithe sa stíl mhaireachtála) agus teiripí iomlánaíoch le riochtaí sláinte a chóireáil amhail: <ul style="list-style-type: none"> – asma; – easuan; – ardbhrú fola; – airtríteas; – mígréin; – pian droma; – dúlagar; nó – siondróm putóige greannaithe (<i>IBS</i>).

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Bainistíocht agus cóireáil riochtaí sláinte (ar lean)</p> <p>Fianaise ar theiripí iomlánaíoch a úsáid</p> <p>Teiripí iomlánaíoch a úsáid i suíomhanna sláinte agus cúram sóisialta</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • comparáid a dhéanamh idir teiripí iomlánaíoch a agus cóireálacha leighis le riocht sláinte amháin a bhainistiú, ag cur na rudaí a leanas san áireamh: <ul style="list-style-type: none"> – costas; – infhaighteacht; – fad ama; agus – fo-iarmhairtí; • imscrúdú agus cur síos a dhéanamh ar threochtaí reatha le teiripí iomlánaíoch a úsáid; • luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht na dteiripí iomlánaíoch a ag úsáid íosmhéid de thrí fhoinse, le foinse thánaisteach amháin ar a laghad san áireamh amhail: <ul style="list-style-type: none"> – tuairiscí taighde; – irisleabhair agus staidéir torthaí; – ailt na meán agus tuairiscí; agus – bunfhoinsí amhail úsáideoirí seirbhísí agus cleachtóirí; • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a n-úsáidtear teiripí iomlánaíoch a i suíomhanna amhail: <ul style="list-style-type: none"> – ionaid chónaithe nó tithe altranais; – ospísí agus ospidéal; – ionaid chúraim lae; agus – lialanna Dochtúirí Ginearálta; agus • measúnú a dhéanamh ar thairbhí na dteiripí iomlánaíoch a d'úsáideoirí seirbhísí i suíomh roghnaithe amháin.

Tasc Measúnaithe ar Theiripí Iomlánaíocha

Cuireann na daltaí áis faisnéise ar fáil ina bhfuil cur síos ar thrí chineál de theiripí iomlánaíocha agus luacháil ar bhainistíocht reachta sláinte ag úsáid cóireálacha leighis agus teiripí iomlánaíocha. Cuireann siad tuairiscí ar fáil fosta ar theiripí iomlánaíocha a úsáid i suíomh sláinte nó cúram sóisialta.

Caithfidh na rudaí a leanas a bheith san áireamh san áis faisnéise:

- A cur síos ar **thrí cinn** de theiripí iomlánaíocha, ar a n-áirítear stair ghairid, na húsáidí atá leo, cur síos ar an chóireáil agus gnéithe sábháilteachta (**1200** focal);
- B cur síos ar bhainistíocht reachta sláinte ag úsáid cóireálacha leighis agus uasmhéid de **thrí cinn** de theiripí iomlánaíocha (**800** focal);
- C anailís chomparáideach ar úsáid na gcóireálacha leighis agus teiripí iomlánaíocha i mbainistiú an reachta sláinte roghnaithe ag cur san áireamh costas, infhaighteacht, fad ama agus fo-iarmhairtí (**800** focal);
- D (i) plé ar threochtaí reatha maidir le teiripí iomlánaíocha a úsáid (**400** focal); agus

(ii) luacháil ar éifeachtacht na dteiripí iomlánaíocha, ag baint eolais ó íosmhéid de **thrí** fhoinse, ar a n-áirítear foinse thánaisteach **amháin** ar a laghad (**900** focal); agus
- E tuairisc a chuireann síos ar úsáid na dteiripí iomlánaíocha i suíomh sláinte nó cúram sóisialta agus a dhéanann measúnú ar na tairbhí d'úsáideoirí seirbhísí maidir leis na teiripí iomlánaíocha a úsáidtear (**900** focal).

3.7 Aonad AS 7: Fiseolaíocht na Sláinte agus na Breoiteachta a Thuiscint

San aonad seo, forbraíonn daltaí eolas agus tuiscint ar fhiseolaíocht roinnt de na príomhchórais choirp. Déanann daltaí machnamh ar cad é a tharlaíonn nuair a chuirtear isteach ar an fheidhm normálta agus an tionchar a bheadh aige seo ar shláinte an duine aonair.

Foghlaimíonn daltaí faoi roinnt neamhord príomhchóras agus an tionchar atá ag gach neamhord ar dhaoine ag maireachtáil leo, mar shampla ar obair, ioncam, fóillíocht, aiste bia, oideachas agus caidrimh an duine aonair.

Is scrúdú scríofa dhá uair an chloig é an measúnú don aonad seo ina bhfuil idir fhreagairtí gairide agus fhreagairtí sínte de dhíth.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Cealla agus fíocháin	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhm cill ainmhí ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – cillscannán; – núicléas agus núiclín; – miteacoindrí; – ribeasóim; – líontán ionphlasmach garbh agus mín; – coimpléasc Golgi (coirpín Golgi); – saicíní; agus – líseasóim; • cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar féidir cealla a shainmhíniú ina gceithre phríomhchineál fíocháin agus na feidhmeanna acu: <ul style="list-style-type: none"> – eipitéiliach; – tacaíocht; – matán; agus – néarógach; agus
An néarchóras	<ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar riaradh agus ar fheidhm an néarchórais ar a n-áirítear difreáil idir lárchóras na néaróg (<i>CNS</i>), an inchinn agus corda an dromlaigh san áireamh agus an néarchóras imeallach (<i>PNS</i>), na córais uathnómach agus shómatacha san áireamh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Tionchar na neamhord ar dhaoine aonair	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none">• luacháil a dhéanamh ar gach ceann de na neamhoird a bhaineann leis an néarchóras, an córas inchríneach, an córas díleá agus an córas úiríneach maidir leis an tionchar fhéideartha ar dhaoine aonair, ar a n-áirítear:<ul style="list-style-type: none">– obair;– ioncam;– fóillíocht;– aiste bia;– oideachas; agus– caidrimh.

3.8 Aonad A2 1: Taighde Feidhmeach

San aonad seo, déanann daltaí imscrúdú go mion ar thopaic sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta trí thaighde aonair a dhéanamh. Déanann daltaí taighde príomhúil agus tánaisteach ar an topaic roghnaithe, a dtorthaí a chur i láthair agus luacháil a dhéanamh i dtuairisc taighde scríofa ar a dtorthaí agus ar an phróiseas taighde araon.

Foghlaimíonn daltaí faoin phróiseas taighde, ar a n-áirítear cuspóirí taighde agus hipitéis a fhorbairt; ag úsáid modhanna príomhúla agus tánaisteacha taighde; an tábhacht le cleachtas eiticiúil sa taighde; agus anailís, luacháil agus cur i láthair a dhéanamh ar na torthaí taighde.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Topaic taighde a roghnú	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • topaic taighde a shainaitheint agus a rogha a chosaint, míniú a thabhairt ar a hábharthacht don tsláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta trí réasúnaíocht a fhorbairt don taighde; • cuspóirí a leagan amach don taighde agus hipitéis a fhorbairt, ag cur san áireamh eitic, infhaighteacht na bhfoinsí príomhúla agus tánaisteacha sonraí agus an t-amscála don taighde;
Athbhreithniú litríochta	<ul style="list-style-type: none"> • cuardach litríochta a dhéanamh le fócas soiléir ar thástáil a dhéanamh ar na cuspóirí taighde agus ar an hipitéis ag úsáid ceithre fhoinse thánaisteacha ar a laghad amhail: <ul style="list-style-type: none"> – leabhair; – nuachtáin; – ailt irisleabhair; – tuairiscí agus foilseacháin rialtais; – clár faisnéise teilifíse; agus – suíomhanna idirlín; agus
Taighde príomhúil	<ul style="list-style-type: none"> • imscrúdú a dhéanamh ar na modhanna príomhúla taighde a leanas do shonraí cainníochtúla a bhailiú: <ul style="list-style-type: none"> – ceistneoir; – agallamh; nó – breathnú.

Formáid Tuairisce

Ceannteideal	Cur síos
Teideal	<ul style="list-style-type: none"> teideal a shainithníonn an topaic taighde;
Clár Ábhair	<ul style="list-style-type: none"> liosta de na rannáin a leanas le huimhreacha leathnaigh;
Réamhrá	<ul style="list-style-type: none"> réasúnaíocht don topaic roghnaithe, cuspóirí taighde agus hipitéis;
Athbhreithniú litríochta	<ul style="list-style-type: none"> athbhreithniú a bhfuil tagairtí soiléire ann (ag úsáid an chórais tagartha Harvard) den eolas a fuarthas ó na foinsí tánaisteacha le dul i ngleic leis na cuspóirí taighde;
Modheolaíochtaí	<ul style="list-style-type: none"> plé ar an taighde phríomhúil: <ul style="list-style-type: none"> – an modh taighde príomhúil a úsáideadh a shainithint agus a rogha a chosaint thar mhodh amháin eile; – an teicníc samplála a úsáideadh a shainithint agus a rogha a chosaint thar dhá theicníc eile; – cur síos a dhéanamh ar thastáil bhailíochta agus/nó tástáil iontaofachta ar bith a rinneadh; agus – cur síos ar an dóigh a ndeachthas i ngleic leis na ceistanna eiticiúla agus breac-chuntas a thabhairt ar an mhodh taighde;
Uirlis taighde	<ul style="list-style-type: none"> cóip den uirlis taighde;
Torthaí	<ul style="list-style-type: none"> táblaí agus graif atá lipéadaithe go soiléir (níl tráchtanna scríofa de dhíth);
Plé agus tátail	<ul style="list-style-type: none"> plé ar na torthaí, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – mionanailís ar na torthaí ón taighde phríomhúil, le béim ar chosúlachtaí agus ar chomparáidí leis na torthaí ó na foinsí tánaisteacha, san áit is féidir, agus – tátail bunaithe ar athbhreithniú ar chuspóirí an bhuntaighde, ina bhfuil na príomhthátail ó na foinsí príomhúla agus ó na foinsí tánaisteacha á dtabhairt le chéile agus ag glacadh leis nó ag diúltú don hipitéis.

Ceannteideal	Cur síos
Luacháil agus moltaí	<ul style="list-style-type: none"> • luacháil ar an taighde, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – ábharthacht agus bailíocht na bhfoinsí tánaisteacha; – éifeachtacht agus bailíocht agus/nó iontaofacht na modhanna príomhúla taighde, ar a n-áirítear foinsí claontachta agus cé chomh hionadaíoch is a bhí an tsampláil; – moltaí leis an taighde a fheabhsú; agus – moltaí don taighde ar an topaic san am atá le teacht; agus
Tagairtí	<ul style="list-style-type: none"> • úsáid a bhaint as an chóras tagartha Harvard le liosta iomlán a chur le chéile de na foinsí tánaisteacha faisnéise a úsáideadh.

Tasc Measúnaithe ar Thaighde Feidhmeach

Cuireann daltaí tuairisc scríofa ar fáil ar thaighde atá deartha agus déanta acu ar thopaic sláinte, cúram sóisialta nó luathbhlianta. Cuireann siad struchtúr ar a gcuid oibre de réir formáid thraidisiúnta de thuairisc taighde. Ba chóir an tuairisc a scríobh sa tríú pearsa agus san fhaí chéasta.

Caithfidh na rudaí a leanas a bheith san áireamh sa tuairisc:

- A réamhrá, ina bhfuil réasúnaíocht don topaic roghnaithe taighde, cuspóirí taighde agus hipitéis chuí (**300** focal);
- B leirbheithniú litríochta le tagairtí soiléire (ag úsáid an chórais tagartha Harvard), a thugann breac-chuntas ar thorthaí ó **cheithre cinn** ar a laghad d'fhoinsí tánaisteacha ábhartha (**1500** focal);
- C roinn modha:
 - an modh taighde príomhúil a úsáideadh a shainnithint agus a rogha a chosaint thar mhodh amháin eile;
 - an teicníc samplála a úsáideadh a shainnithint a rogha a chosaint thar **dhá** theicníc eile;
 - cur síos a dhéanamh ar thástáil bailíochta agus/nó tástáil iontaofachta ar bith a rinneadh; agus
 - cur síos ar an dóigh a dtéitear i ngleic leis na ceisteanna eiticiúla; agus
 - breac-chuntas a thabhairt ar an mhodh taighde (**1200** focal);
- D cóip den uirlis taighde (ceistneoir, sceideal agallaimh nó cairt bhreathnaithe);
- E roinn a thaispeánann torthaí mar ghraif atá bunaithe ar anailís ar thorthaí an taighde phríomhúil;
- F roinn plé ina bhfuil anailís ar thorthaí an taighde phríomhúil, le béim ar eochairthorthaí ón taighde phríomhúil agus thánaisteach araon agus ag baint tátail as cuspóirí an bhuntaighde tosaigh agus as an hipitéis (**1000** focal); agus
- G luacháil ar an taighde a rinneadh, ar a n-áirítear bailíocht na bhfoinsí príomhúla agus tánaisteacha agus ionadaíocht na samplála, ag nótáil foinse chlaontachta ar bith sa taighde, ag tabhairt moltaí leis an taighde a fheabhsú agus ar thaighde ar an topaic san am atá le teacht (**1000** focal).

3.9 Aonad A2 2: Córais Choirp agus Neamhoird Fhiseolaíoch

San aonad seo, foghlaimíonn daltaí faoi struchtúr, feidhm agus meicníochtaí rialaithe dhá mhórchóras coirp. Cuireann an t-aonad seo le tuiscint ar an dóigh agus ar an fháth a ndéanadh muid monatóireacht ar na córais choirp seo agus an tábhacht atá le sábháilteacht, eitic agus cruinneas.

Mar chuid de chomhpháirt phraiticiúil an aonaid seo, déanann daltaí monatóireacht ar an dá chóras coirp ag beirt daoine aonair. Faigheann na daltaí tuiscint ar an fháth a mbeadh na tomhais ag titim taobh amuigh den raon ionchais agus na himpleachtaí leis seo. Déanann siad mionimscrúdú fosta ar neamhord fiseolaíoch ag amharc ar an diagnóis, tionchar an neamhoird ar an duine aonair agus ar a theaghlaigh nó a chúramóirí agus a éifeachtachtaí is atá an cúram agus na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Córais imshruthaithe agus riospráide</p> <p>Stádas fiseolaíoch a mhonatóirí</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar struchtúr, feidhm agus meicníochtaí rialaithe na gcóras coirp a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – an córas imshruthaithe; agus – an córas riospráide; • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh ar féidir le hiompraíocht daoine aonair cuidiú le sláinte fiseolaíoch an dá chóras coirp seo a choinneáil, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – alcól, caitheamh tobac agus drugaí a sheachaint; nó – innéacs corpmhaise sláintiúil a choinneáil; • raonta normálta don análú agus do rátaí cuisle a shainaithint agus cúiseanna féideartha le diallas a imscrúdú; agus • bearta a dhéanamh le sábháilteacht agus folláine rannpháirtithe a chinntiú nuair atá monatóireacht ar siúl, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – toiliú feasach; – corpacmhainn le bheith rannpháirteach; agus – sábháilteacht na timpeallachta.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Neamhoird fhiseolaíocha (ar lean.)</p> <p>Tionchair an neamhoird agus na breoiteachta ar dhaoine aonair</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar bhainistiú an neamhoird trí imscrúdú a dhéanamh ar na rudaí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – cóireálacha; – conairí cúraim; – cleachtóirí; agus – seirbhísí tacaíochta; agus • anailís a dhéanamh ar thionchar féideartha an neamhoird ar dhaoine aonair, mar shampla ar: <ul style="list-style-type: none"> – obair; – ioncam; – fóillíocht; – aiste bia; – oideachas; agus – caidrimh.

Tasc Measúnaithe ar Chórais Choirp agus Neamhoird Fhiseolaíoch

Cuireann daltaí fianaise ar fáil a thaispeánann a dtuiscint ar fheidhmiú na gcóras coirp. Ba cheart do dhaltaí:

- A cur síos a dhéanamh ar struchtúr, feidhm agus meicníochtaí rialaithe na gcóras imshruthaithe agus riospráide (**800** focal);
- B measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le hiompraíocht daoine aonair cuidiú le sláinte fhiseolaíoch a gcórais imshruthaithe agus riospráide a choinneáil, ag baint eolais ó cheithre fhoinsí thánaisteacha ar a laghad (**1000** focal);
- C monatóireacht a dhéanamh ar chórais imshruthaithe agus riospráide **bheirt** daoine roimh agus i ndiaidh aclaíochta, ag úsáid an dá theicníc tomhais le tomhas a dhéanamh nuair atáthar ag ligean scíthe agus ansin gach nóiméad i ndiaidh na haclaíochta go dtí go bhfilleann na tomhais go dtí an ráta scíthe ansin taifeadh a dhéanamh de na torthaí agus:
- (i) torthaí a chur ar fáil i bhformáid chuí; agus
- (ii) anailís a dhéanamh de thorthaí na monatóireachta, ag baint tátail astu (**600** focal);
- D luacháil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cleachtas sábháilte agus ar na teicníc tomhais a úsáideadh (**400** focal);
- Ba cheart dóibh fosta tuairisc scríofa a chur ar fáil, bunaithe ar thaighde aonair, ar neamhord fiseolaíoch, ag úsáid foinsí príomhúla agus tánaisteacha nó foinsí tánaisteacha amháin.
- E cur síos a dhéanamh ar an neamhord fhiseolaíoch agus na modhanna a úsáidtear lena dhiagnóisiú, anailís a dhéanamh ar na cóireálacha atá ar fáil, an chonair chúraim (na conairí cúraim) agus na cleachtóirí atá bainteach leis; agus plé a dhéanamh ar shriantaí an phróisis dhiagnóisigh agus an chóireáil (**1200** focal); agus
- F anailís a dhéanamh ar thionchair fhéideartha an neamhoird ar dhaoine aonair (**1000** focal).

San aonad seo, tá toiliú feasach riachtanach. Caithfidh daltaí a bheith cúramach maidir le rúndacht a choinneáil.

3.10 Aonad A2 3: Seirbhísí a Sholáthar

San aonad seo, forbraíonn daltaí eolas agus tuiscint ar sholáthar seirbhísí sna hearnálacha sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta. Foghlaimíonn daltaí faoin dóigh ar fhorbair seirbhísí agus an dóigh an ndéantar iad a struchtúru, a rialú agus a mhaoiniú. Scrúdaíonn siad an dóigh ar féidir le polasaí, reachtaíocht agus saintréithe deimeagrafacha tionchar a imirt ar sholáthar seirbhísí. Fiosraíonn daltaí fosta ról na gcleachtóirí agus an dóigh a n-oibríonn siad i gcomhpháirtíocht le riachtanais úsáideoirí seirbhísí a shainaithint agus riar a dhéanamh orthu. I measc na ngrúpaí úsáideoirí seirbhísí tá:

- páistí agus teaghlaigh;
- daoine aosta;
- daoine le míchumais fhisiceacha nó tinnis;
- daoine le míchumais foghlama; agus
- daoine le meabhairghalair.

Ós rud é gur aonad sionoptach é an t-aonad seo, cuirfidh eilimintí ó aonaid eile le tuiscint na ndaltaí ar an ábhar. Déantar measúnú ar an aonad seo go seachtrach le scrúdú scríofa dhá uair an chloig bunaithe ar ábhar réamheisiúna a chuireann muid ar fáil, a dhíríonn ar ghrúpa amháin d'úsáideoirí seirbhísí. Sonróidh an t-ábhar réamheisiúna an grúpa ábhartha d'úsáideoirí seirbhísí. Beidh sé ar fáil ocht seachtaine roimh an scrúdú.

Níl cead ag daltaí ábhar taighde ar bith a thabhairt isteach go dtí an scrúdú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Tionchair na reachtaíochta agus polasáí ar sholáthar seirbhísí</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • míniú a thabhairt ar bhunús an stáit leasa; • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a dtéann reachtaíocht agus straitéisí rialtais i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta i dTuaisceart Éireann, mar atá sonraithe san ábhar réamheisiúna, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – <i>The Health and Personal Social Services (Northern Ireland) Order 1972;</i> – <i>The Health and Social Services (Reform) Northern Ireland Act 2009;</i> – <i>The Children (Northern Ireland) Order 1995;</i> – <i>The Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005;</i> – <i>Safeguarding Vulnerable Groups (Northern Ireland) Order 2007 as amended by Protection of Freedoms Act 2012;</i> – <i>The Mental Health (Northern Ireland) Order 1986 (leasaithe 2004);</i> – <i>The Disability Discrimination Act 1995 and Disability Discrimination (Northern Ireland) Order 2006;</i> – <i>The Chronically Sick and Disabled Persons (Northern Ireland) Act 1978;</i> – <i>The Carers and Direct Payments Act (Northern Ireland) 2002;</i> – <i>The Freedom of Information Act 2000;</i> – <i>The Data Protection Act 1998; agus</i> – <i>Transforming Your Care: A Review of Health and Social Care in Northern Ireland 2011;</i> • eolas agus tuiscint a léiriú ar inneachar agus feidhm na bpolasaithe agus luacháil a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – rúndacht; – sceithireacht; – riachtanais speisialta oideachais; – daoine fásta a chumhdach; agus – cosaint páistí; agus
<p>Riar a dhéanamh ar riachtanais an duine aonair</p>	<ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar thosca a théann i bhfeidhm ar threochtaí déimeagrafacha agus an dóigh a mbíonn tionchar acu ar sholáthar seirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Riar a dhéanamh ar riachtanais an duine aonair (ar lean)</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar sholáthar sláinte agus cúram sóisialta ag soláthraithe reachtúla agus neamhspleácha (príobháideach agus deonach) agus ag cúramóirí neamhfhoirmiúla; • míniú a thabhairt ar an dóigh a maoinítear na grúpaí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – soláthraithe reachtúla; – soláthraithe príobháideacha; – soláthraithe deonacha; agus – cúramóirí neamhfhoirmiúla; • luacháil a dhéanamh ar ról gach ceann de na soláthraithe thuas maidir le cúram a sholáthar; • luacháil a dhéanamh ar an chur chuige chomhtháite maidir le cúram a sholáthar; • eolas agus tuiscint a léiriú ar chúram pobail agus é a luacháil; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta atá ag úsáideoirí seirbhísí agus an dóigh a bhféadfadh réimse soláthraithe seirbhísí riar a dhéanamh orthu, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – cúramóirí altrama ag riar ar riachtanais pháistí; – foireann ospíse ag riar ar riachtanais chúraim daoine aonair atá ag druidim leis an bhás; – foireann scáthchóiríochta ag riar ar riachtanais daoine fásta a bhfuil míchumais foghlama orthu; agus – réimse seirbhísí sa phobal ag riar ar riachtanais na ndaoine a bhfuil meabhairghalair orthu; agus • míniú a thabhairt ar an dóigh a ndéanann daoine aonair rochtain ar sheirbhísí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – féin-atreorú; – atreorú gairmiúil; – atreorú tríú páirtí; – atreorú éigeandála; – athghairm; agus – atreorú éigeantach.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Riar a dhéanamh ar riachtanais an duine aonair (ar lean.)</p> <p>Bacainní a shárú</p> <p>Róil agus freagrachtaí éagsúla na gcleachtóirí</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • anailís a dhéanamh ar bhacainní ar sheirbhísí a rochtain, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – easpa eolais; – sriantaí airgeadais; – suíomh geografach; – bacainní fisiceacha; – bacainní síceolaíocha; – teanga; – bacainní cumarsáide; nó – bacainní cultúrtha; • measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le bacainní ar rochtain a shárú, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – rochtain idirlín; – rochtain gutháin 24 uair an chloig; – litríocht a chur ar fáil i dteangacha agus formáidí éagsúla; nó – aistritheoirí agus ateangairí a úsáid; • machnamh a dhéanamh ar an díospóireacht faoi chiondál a dhéanamh ar sheirbhísí, ag léiriú tuiscint ar na hiarmhairtí maidir le: <ul style="list-style-type: none"> – úsáideoirí seirbhísí; – a dteaghlaigh; agus – foireann agus eagraíochtaí; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar róil réimse cleachtóirí sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta; ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – oibrithe cúram baile; – cúntóirí cúraim; – oibrithe tacaíochta; – altraí; – oibrithe sóisialta; – dochtúirí; – teiripeoirí saothair; – radagrafaithe; – fisiteiripeoirí; – síceolaithe; – teiripeoirí urlabhra agus teanga; agus – oibrithe luathbhlianta.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Róil agus freagrachtaí éagsúla na gcleachtóirí (ar lean.)</p> <p>Obair go héifeachtach i bhfoirne</p> <p>Dearbhú cáilíochta</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar speisialachais sna róil seo, mar a shainithnítear san ábhar réamheisiúna, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – altra síciatrach pobail (<i>CPN</i>); – altra páistí; – Dochtúir Ginearálta; – radagrafaí diagnóiseach nó teiripeach; – bean chabhrach; – síciatraí; nó – oibrí sóisialta ospidéil; • eolas agus tuiscint a léiriú ar obair foirne idirdhisciplíneach; • luacháil a dhéanamh ar obair foirne idirdhisciplíneach; • measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí don fhoireann, do na húsáideoirí seirbhísí agus dá dteaghlaigh nuair a bhíonn cliseadh ar obair foirne; • plé a dhéanamh ar ról na gcód cleachtais nó iompraíochta le hoibrithe sláinte agus cúraim a threorú, mar shampla iad siúd atá curtha ar fáil ag an <i>Northern Ireland Social Care Council (NISCC)</i> agus ag an <i>Nursing and Midwifery Council (NMC)</i>; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na meicníochtaí eile le cáilíocht a dhearbhú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – aischothú ó úsáideoirí seirbhísí agus ó theaghlaigh amhail suirbhéanna agus gearáin, ar a n-áirítear ról an <i>Patient and Client Council (PCC)</i>; agus – cigireacht atá déanta ag an <i>Regulation and Quality Improvement Authority (RQIA)</i>; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar ról rialúcháin na n-eagraíochtaí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – <i>Northern Ireland Social Care Council (NISCC)</i>; – <i>General Medical Council (GMC)</i>; agus – <i>Nursing and Midwifery Council (NMC)</i>.

3.11 Aonad A2 4: Cur Chun Cinn na Sláinte

San aonad seo, forbraíonn daltaí tuiscint ar thosaíochtaí feabhais agus na feachtais bainteach leo maidir le cur chun cinn na sláinte aitiúla. Déanann siad gníomhaíocht mhionscála um chur chun cinn na sláinte a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a luacháil ina n-aonar nó i ngrúpa nach bhfuil níos mó ná cúigear ann. Ba cheart don ghníomhaíocht acu a bheith bunaithe ar thosaíocht um chur chun cinn na sláinte i dTuaisceart Éireann a bhfuil tábhacht aici do ghrúpa ar leith, mar shampla páistí bunscoile. Ba cheart don ghníomhaíocht úsáid a bhaint as cur chuige amháin um chur chun cinn na sláinte agus thig léi úsáid a bhaint as ábhair um chur chun cinn na sláinte atá ann cheana féin. I measc na suíomhanna cuí don ghníomhaíocht tá scoileanna, ionaid chónaithe agus ionaid lae.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Tosaíochtaí feabhais don tsláinte áitiúil	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar na rudaí a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – an gá atá le feachtais um chur chun cinn na sláinte; – spriocanna reatha rialtais don tsláinte agus don fholláine; – an dóigh a leagtar spriocanna amach; agus – na heagraíochtaí agus na daoine gairmiúla sláinte atá freagrach as na spriocanna a chur i gcrích; • imscrúdú a dhéanamh ar fheachtas reatha um chur chun cinn na sláinte atá á reáchtáil ag An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – Be Cancer Aware; – cothú cíche; – Choose to Live Better; – bia sláintiúil; – feasacht fliú; – Minding Your Head; nó – sláinte ghnéis; • príomhchuspóirí an fheachtais a shainaithint; • cur síos a dhéanamh ar na modhanna agus ar na hábhair a úsáidtear leis an fheachtas a chur i gcrích; agus • cur síos agus luacháil a dhéanamh ar an chur chuige nó na cuir chuige a úsáideadh san fheachtas, mar shampla míochaine, athrú sóisialta, oideachas, athrú iompraíochta agus spreagadh trí eagla.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Gníomhaíocht um chur chun cinn na sláinte a phleanáil</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • gníomhaíocht um chur chun cinn na sláinte a phleanáil agus a chur i bhfeidhm: <ul style="list-style-type: none"> – a léiríonn tosaíochtaí reatha an rialtais maidir le sláinte agus folláine; agus – a dhíríonn ar spriocghrúpa ar leith; • a dhéanann imscrúdú ar chuir chuige um chur chun cinn na sláinte agus cinneadh a dhéanamh orthu siúd is oiriúnaí dá ngníomhaíocht: <ul style="list-style-type: none"> – an cur chuige a bhaineann le hathrú iompraíochta; – an cur chuige oideachasúil; agus – spreagadh trí eagla a úsáid; • machnamh a dhéanamh ar réimse modhanna seachadta, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – póstaeir; – bileoga; – gearrthóga físe; – taispeántais; nó – cainteanna; • modhanna a roghnú agus ábhair a fhorbairt ar féidir iad a úsáid leis an ghníomhaíocht a sheachadadh go héifeachtach go dtí an spriocghrúpa; agus • plean a leagan amach: <ul style="list-style-type: none"> – a chuireann síos ar a rogha topaice agus a thugann cosaint air; – a shainaithníonn aidhmeanna agus cuspóirí na gníomhaíochta; – a chuireann síos ar an chur chuige nó na cuir chuige a mbainfidh siad úsáid astu agus a thugann údar leo; – a mhíníonn an dóigh a gcuirfidh siad an ghníomhaíocht i bhfeidhm, ar a n-áirítear ról gach baill sa ghrúpa de réir mar is cuí; – a chuireann síos ar rogha an spriocghrúpa agus a thugann údar leis; – a chuireann síos ar na modhanna agus ar na hábhair a bhfuil sé i gceist acu a úsáid leis an ghníomhaíocht a sheachadadh amhail, póstaeir, bileoga, físeáin, cainteanna nó taispeántais; – a shainaithníonn na háiseanna atá de dhíth, mar shampla an t-ionad, an trealamh nó an t-am don chur i láthair; agus – a leagann amach amscála insroichte leis an ghníomhaíocht a chur i gcrích go rathúil.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Ullmhúchán leis an ghníomhaíocht a luacháil</p> <p>An ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm:</p> <p>An ghníomhaíocht a luacháil;</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tábhacht an phróisis luachála a thuiscint i ngníomhaíocht ar bith um chur chun cinn na sláinte; • uirlisí a dhearadh le rath na gníomhaíochta a luacháil, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – measúnuithe réamhthástála agus iarthástála; – cártaí tráchta; nó – féincheistneoirí, ceistneoirí piara, ceistneoirí rannpháirtí, ceistneoirí múinteora nó ceistneoirí breathnóra; • an ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm leis an spriocghrúpa roghnaithe; • measúnú a dhéanamh ar an ghníomhaíocht ag úsáid a n-uirlisí luachála; • rath na gníomhaíochta pleanáilte a luacháil trí athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné den ghníomhaíocht, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – oiriúnacht na rannpháirtithe roghnaithe; – aidhmeanna agus chuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach; – oiriúnacht an chuir chuige nó na gcur chuige a úsáideadh; – cé chomh rathúil is a cuireadh an ghníomhaíocht i bhfeidhm; – cé chomh héifeachtach is a bhí ról gach baill sa ghrúpaí; – na hábhair a úsáideadh leis an ghníomhaíocht a sheachadadh, mar shampla póstaer, bileoga, físeáin, cainteanna nó taispeántais; – modhanna a úsáidtear leis an ghníomhaíocht a sheachadadh; agus – an t-ionad, an trealamh agus an t-am don chur i láthair; agus • moltaí feabhais a dhéanamh.

Tasc Measúnaithe ar Chur Chun Cinn na Sláinte

Déanann daltaí imscrúdú ina n-aonar ar thosaíochtaí feabhais sláinte agus ar chur chun cinn na sláinte i dTuaisceart Éireann agus scríobhann siad tuairisc. Caithfidh daltaí na rudaí a leanas a dhéanamh:

- A plé a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag dul i ngleic le **trí** cinn de thosaíochtaí feabhais sláinte i dTuaisceart Éireann (**1200** focal); agus
- B imscrúdú a dhéanamh ar fheachtas reatha um chur chun cinn na sláinte atá á reáchtáil ag an An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí agus:
- a bpríomhchuspóirí a shainaithint;
 - cur síos a dhéanamh ar na modhanna agus ar na hábhair a úsáideadh leis an fheachtas a sheachadadh; agus
 - cur síos agus luacháil a dhéanamh ar an chur chuige nó na cuir chuige a úsáideadh (**1000** focal).

Déanann daltaí gníomhaíocht mhionscála um chur chun cinn na sláinte a phleanáil agus a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar thosaíocht feabhais sláinte i dTuaisceart Éireann. Caithfidh siad tuairisc aonair ar an gníomhaíocht a chur ar fáil. Thig le daltaí an gníomhaíocht seo a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpa nach bhfuil níos mó ná cúigear ann. Caithfidh ról gníomhach sainmhínithe sa gníomhaíocht a bheith ag gach ball. Roghnaíonn daltaí an suíomh don gníomhaíocht. Thig leo úsáid a bhaint as ábhair ó fheachtas um chur chun cinn na sláinte atá ann cheana féin.

- C pleanáil a dhéanamh ar gníomhaíocht:
- a chuireann síos ar agus a chosnaíonn rogha na topaice.
 - a shainaithníonn aidhmeanna agus cuspóirí na gníomhaíochta roghnaithe um chur chun cinn na sláinte;
 - a chuireann síos ar an chur chuige nó na cuir chuige atá le húsáid agus a chosnaíonn é/iad;
 - a mhíníonn an dóigh a gcuirfear an gníomhaíocht i bhfeidhm (ar a n-áirítear ról gach baill sa ghrúpa, más cuí);
 - a chuireann síos ar rogha an spriocghrúpa agus a chosnaíonn é;
 - a chuireann síos ar na hábhair agus ar na modhanna atá le húsáid leis an gníomhaíocht a sheachadadh agus a chosnaíonn iad;
 - a shainaithníonn na háiseanna a bheidh de dhíth orthu, mar shampla an t-ionad, an trealamh nó t-am don chur i láthair; agus
 - a leagann amach amscála insroichte leis an gníomhaíocht a chur i gcrích go rathúil (**1200** focal);
- D (i) cur síos a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfar rath na gníomhaíochta a luacháil trí úsáid a bhaint as uirlisí luachála do rannpháirtithe agus do bhreathnóir(i) (**500** focal); agus
- (ii) cóip de na huirlisí luachála a chur ar fáil;

- E luacháil a dhéanamh ar rath na gníomhaíochta i ndiaidh í a chur i bhfeidhm (**600** focal); agus:
- F moltaí a dhéanamh leis an ghníomhaíocht a fheabhsú (**500** focal).

3.12 Aonad A2 5: Tacaíocht a thabhairt don Teaghlach

San aonad seo, díríonn daltaí ar struchtúir theaghlaigh atá ag athrú agus ag éabhlóidiú i sochaí an lae inniu. Forbraíonn daltaí tuiscint ar thosca a théann i bhfeidhm ar shaol an teaghlaigh. Déanann siad taighde ar réimse struchtúir theaghlaigh agus na feidhmeanna atá ag teaghlaigh. Déanann siad imscrúdú fosta ar réimse leathan seirbhísí atá ar fáil do theaghlaigh agus an tacaíocht a chuireann na seirbhísí seo ar fáil. Cuireann daltaí cás-staidéar ar fáil a chuireann síos ar a dtorthaí. Déanann siad imscrúdú fosta agus cuireann siad tuairisc ar fáil ar an dóigh a dtugann seirbhísí reachtúla agus eagraíochtaí deonacha tacaíocht do theaghlaigh a bhfuil saincheisteanna suntasacha acu.

Déantar measúnú ar an aonad seo go himmheánach. Faoi choinne tuileadh eolais, déan tagairt le do thoil don Tasc Mheasúnaithe ag deireadh an aonaid seo agus d’Fhianaise Measúnaithe agus Bandaí Marcála in Aguisín 1.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Struchtúir theaghlaigh	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh struchtúir theaghlaigh ó bhí deireadh an Dara Cogadh Domhanda ann, ag cur na rudaí seo a leanas san áireamh: <ul style="list-style-type: none"> – teaghlaigh núicléacha; – cúplaí in aontíos agus cúplaí pósta; – teaghlaigh shínte; – teaghlaigh thuismitheora aonair; – teaghlaigh chumaisc; – teaghlaigh chomhghnéis; – teaghlaigh chúraim chomhroinnte; nó – teaghlaigh le páistí altrama nó uchtaithe; • measúnú a dhéanamh ar na fáthanna leis na hathruithe seo, ag cur na rudaí a leanas san áireamh mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – athruithe sa reachtaíocht; – frithghiniúint fheabhsaithe; – athruithe san fhostaíocht; agus – athruithe sna noirm agus sna dearchtaí; agus
An dóigh a ndéanann teaghlaigh riar ar riachtanais bhaill leochaileacha	<ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a ndéanann teaghlach riar ar riachtanais bhaill leochaileacha amhail duine aonair a bhfuil breoiteacht nó galar air nó atá leochaileach mar gheall ar aois, meabhairghalar nó míchumas foghlama, ar a n-áirithear: <ul style="list-style-type: none"> – riachtanais fhisiciúla (teas, éadaí, bia agus dídean); – riachtanais intleachtúla (eolas agus foghlaim); – riachtanais mhothúchánacha (grá agus sábháilteacht); agus – riachtanais shóisialta (idirghníomhaíocht).

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Tacaíocht atá curtha ar fáil do dhaoine aonair agus dá dteaghlaigh</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a bheadh de dhíth le tacaíocht a thabhairt do theaghlach, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – le riar a dhéanamh ar a riachtanais sláinte; – nuair atá géarchéim ann (amhail cliseadh teaghlaigh nó méala); agus – i gcás daoine aonair a bhfuil riachtanais ar leith acu, mar shampla meabhairghalar, míchumais foghlama, riochtaí a bhaineann le haois nó míchumais fhisiceacha; • eolas agus tuiscint a léiriú ar an tacaíocht a chuireann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta ar fáil agus imscrúdú a dhéanamh uirthi, ar ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> – an earnáil reachtúil (mar shampla, seirbhísí amhail ionaid sláinte, ospidéal, cúram faoisimh nó altramú); – an earnáil phríobháideach (mar shampla, eagraíochtaí amhail ionaid sláinte phríobhaideacha, ospidéal, cúram faoisimh nó tithe altranais); – an earnáil dheonach (mar shampla <i>Parenting NI, Women’s Aid, Northern Ireland Council for Ethnic Minorities, Aware, Defeat Depression, Relate, National Society for the Prevention of Cruelty to Children (NSPCC)</i> nó <i>Cruse Bereavement</i>); agus – an earnáil neamhfhoirmiúil (teaghlach, cairde nó comharsana); agus • luacháil a dhéanamh ar na tionchair ar theaghlaigh agus iad ag déanamh rochtain ar na seirbhísí seo, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> – cleithiúnas a laghdú; – neamhthuilleamaíocht a mhéadú; – féinmheas a fhorbairt; – a gcumas cumasaithe a mhéadú; agus – meicníochtaí malartacha a fhorbairt le déileáil le cúrsaí.

Saincheisteanna teaghlaigh	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none">• eolas agus tuiscint a léiriú ar dhá cheann de na saincheisteanna a leanas a bheadh ag teaghlach agus míniú a thabhairt ar a dtionchair ar dhaoine fásta agus ar pháistí i dteaghlaigh:<ul style="list-style-type: none">– foréigean teaghlaigh;– bochtaineacht;– meabhairghalar;– drochscileanna tuismitheoireachta;– páistí a bhfuil fadhbanna iompraíochta acu;– páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;– mí-úsáid páistí;– ciníochas;– méala; nó– andúil;• imscrúdú a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar an dóigh a dtugann seirbhísí reachtúla tacaíocht do theaghlaigh a bhfuil an dá shaincheist acu; agus• measúnú a dhéanamh ar an ról atá ag eagraíochtaí deonacha maidir le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil an dá shaincheist acu.
-----------------------------------	---

Tasc Measúnaithe ar Thacaíocht a thabhairt don Teaghlach

Cuireann daltaí athbhreithniú ar athruithe i struchtúir, cás-staidéar ar fhíorchlann nó ar chlann bhréagach ar fail chomh maith le tuairisc ar sheirbhísí do theaghlaigh a bhfuil saincheisteanna ar leith acu .

Ba cheart go gcuimseodh an t-athbhreithniú:

- A cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh struchtúir theaghlaigh ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann agus measúnú a dhéanamh ar na fáthanna leis na hathruithe seo (**800** focal).

Ba cheart do dhaltaí a gcás-staidéar a bhunú ar theaghlach a bhfuil ball de ag fáil tacaíochta ó na hearnálacha reachtúla, príobháideacha, deonacha agus/nó neamhfhoirmiúla. Ba cheart do dhaltaí:

- B cur síos a dhéanamh ar struchtúr agus ar bhallraíocht an teaghlaigh, an ball teaghlaigh a bhfuil tacaíocht de dhíth air a shainathint agus anailís a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann baill eile an teaghlaigh riar ar a riachtanais (**600** focal);
- C (i) plé a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta riar ar riachtanais an duine aonair sainaitheanta chomh maith le riachtanais an bhaill/na mball teaghlaigh atá ag tabhairt tacaíochta don duine aonair (**800** focal); agus

(ii) measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na tacaíochta a thugtar (**400** focal).

Ba cheart do dhaltaí tuairisc a chur ar fáil fosta a leagann béim ar thacaíocht do theaghlaigh a bhfuil **dhá** shaincheist acu. Caithfidh na rudaí a leanas a bheith san áireamh sa tuairisc:

- D anailís ar an dóigh ar féidir leis an **dá** shaincheist roghnaithe dul i bhfeidhm ar pháistí agus ar dhaoine fásta i dteaghlaigh (**800** focal);
- E i gcás gach ceann de na saincheisteanna roghnaithe, anailís ar na dóigheanna éagsúla a dtugann seirbhísí reachtúla tacaíocht do theaghlaigh le déileáil leis na saincheisteanna seo (**800** focal); agus
- F measúnú ar ról **dhá** eagraíocht dheonacha a bhfuil sé mar aidhm acu tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh, ceann amháin do gach ceann de na saincheisteanna roghnaithe (**800** focal).

San aonad seo, caithfidh daltaí a bheith cúramach maidir le rúndacht a choinneáil.

3.13 Aonad A2 6: Iompraíocht Dhaonna a Thuiscint

San aonad seo, forbraíonn daltaí tuiscint ar iompraíocht daoine aonair. Foghlaimíonn daltaí faoi na príomhdhearcthaí síceolaíocha, nó dóigheanna le hamharc ar iompraíocht dhaonna, le gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann siad le daoine aonair a thuiscint agus leis na straitéisí a úsáidtear le cuidiú le grúpaí ar leith de dhaoine aonair. Dírionn an t-aonad seo ar mhínte síceolaíocha ar iompraíocht dhaonna, ach foghlaimíonn daltaí fosta faoi thionchar na dtosca socheacnamaíocha ar dhúlagar, ionsaitheacht, strus, neamhoird itheacháin agus fóibí.

Is scrúdú scríofa dhá uair an chloig é an measúnú don aonad seo ina bhfuil idir fhreagairtí gairide agus fhreagairtí sínte de dhíth.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Dearcthaí síceolaíocha ar iompraíocht agus ar phearsantacht	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar na dearcthaí a leanas sa tsíceolaíocht: <ul style="list-style-type: none"> – an dearcadh síocanailíseach, go háirithe na heochairchoincheapa i dteoiric Freud ar fhorbairt pearsantachta; – an dearcadh daonnachaíoch, go háirithe na heochairchoincheap i dteoiric Rogers ar fhorbairt pearsantachta; – an dearcadh iompraíoch, go háirithe turgnaimh Pavlov le madaí agus eochairchoincheapa a theoirice foghlama trí riochtú clasaiceach agus turgnaimh Skinner leis an bhosca Skinner agus eochairchoincheapa a theoirice foghlama trí riochtú oibríoch; – an dearcadh cognaíoch, go háirithe na heochairchoincheapa in obair Beck agus Ellis ar chognaíocht; – an dearcadh foghlama sóisialta, go háirithe turgnamh na bábóige Bobo agus na heochairchoincheapa i dteoiric Bandura; agus – an dearcadh bitheolaíoch ar iompraíocht dhaonna, go háirithe ról na bpróiseas géiniteach, fiseolaíoch, agus néaraibhitheolaíoch i ndúlagar, ionsaitheacht agus strus.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Dearcchá a chur i bhfeidhm le daoine aonair a thuiscint agus a chóireáil</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann na dearcchá a leanas le dúlagar a thuiscint agus a chóireáil agus luacháil a dhéanamh ar an chóireáil nó ar na teiripí: <ul style="list-style-type: none"> – an dearcadh síocanailíseach: síocanailís agus teiripe shúgartha; – an dearcadh daonnachaíoch: teiripe chliantlárnach agus grúpaí teagmhála; – an dearcadh cognaíoch: athstruchtúrú cognaíoch Beck agus teiripe mhothúchánach réasúnach (<i>RET</i>) agus teiripe iompraíochta mhothúchánach réasúnach (<i>REBT</i>); – an dearcadh bitheolaíoch: frithdhúlagraín (<i>MAOIs</i>, agus trífháinnigh (<i>tricyclics</i>), <i>SSRIs</i>), teiripe leictri-thritheamhach (<i>ECT</i>); • measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann na dearcchá a leanas le hionsaitheacht a thuiscint agus déileáil léi agus luacháil a dhéanamh ar an chóireáil nó ar na teiripí: <ul style="list-style-type: none"> – an dearcadh síocanailíseach: síocanailís agus teiripe shúgartha; – an dearcadh daonnachaíoch: teiripe chliantlárnach agus grúpaí teagmhála; – an dearcadh iompraíoch: bunathrú iompraíochta; – an dearcadh cognaíoch: athstruchtúrú cognaíoch Beck agus teiripe <i>RET</i> agus <i>REBT</i> Ellis; – an dearcadh sóisialta: teiripe shamhaltaithe, traenáil scileanna sóisialta; agus – an dearcadh bitheolaíoch: mionsuaimhneasáin, mar shampla beinsidhé-asaipíní; agus • measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann na dearcchá a leanas le strus a thuiscint agus a chóireáil agus luacháil a dhéanamh ar an chóireáil nó ar na teiripí: <ul style="list-style-type: none"> – an dearcadh daonnachaíoch: teiripe chliantlárnach agus grúpaí teagmhála; – an dearcadh iompraíoch: bainistíocht ama; – an dearcadh cognaíoch: athstruchtúrú cognaíoch Beck agus <i>RET</i> agus <i>REBT</i> Ellis; agus – an dearcadh bitheolaíoch: teiripí drugaí (béite-bhlocálaithe, frithdhúlagraín, drugaí frithimní coscairí imní (<i>anxiolytic</i>)), bith-aiseolas, scíth agus machnamh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Dearcthaí a chur i bhfeidhm daoine aonair a thuiscint agus a chóireáil (ar lean.)</p> <p>Tionchar na dtosca socheacnamaíocha</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann na dearcthaí a leanas leis na neamhoird itheacháin anorexia nervosa (<i>AN</i>) agus búilime nervosa (<i>BN</i>) a thuiscint agus a chóireáil agus luacháil a dhéanamh ar an chóireáil nó ar na teiripí: <ul style="list-style-type: none"> – an dearcadh síocanailíseach, ar a n-áirítear síocanailís Hilde Bruch; – an dearcadh iompraíoch: bunathrú iompraíochta; – an dearcadh cognaíoch: athstruchtúrú cognaíoch Beck agus teiripe <i>RET</i> agus <i>REBT</i> Ellis; – an dearcadh sóisialta: teiripe theaghlaigh; agus – an dearcadh bitheolaíoch: frithdhúlagraín; • measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann na dearcthaí a leanas le fóibí a thuiscint agus iad a gcóireáil agus luacháil a dhéanamh ar an chóireáil nó ar na teiripí: <ul style="list-style-type: none"> – an dearcadh síocanailíseach: síocanailís; – an dearcadh iompraíoch: teiripí iompraíochta (dí-íoghrúchán sistéamach, teiripe inphléasctha, riochtú fadtéarma); – an dearcadh cognaíoch: athstruchtúrú cognaíoch Beck agus <i>RET</i> agus <i>REBT</i> Ellis; agus – an dearcadh sóisialta: teiripe shamhalaithe; agus • anailís a dhéanamh ar thionchar na dtosca socheacnamaíocha a leanas ar na hiompraíochtaí a bhfuil cur síos orthu thuas (dúlagar, ionsaitheacht, strus, neamhoird itheacháin agus fóibí): <ul style="list-style-type: none"> – inscne; – tithíocht agus timpeallacht; – bochtaineacht; – aicme shóisialta; – teaghlach; – na meáin; – fostaíocht nó dífhostaíocht; – eitneacht; agus – oideachas.

3.14 Aonad A2 7: Cothú agus Sláinte an Duine

San aonad seo, fiosraíonn daltaí an ghaolmhaireacht idir cothú agus sláinte. Fiosraíonn an t-aonad comhdhéanamh bia agus na riachtanais chothaithe atá ag daoine aonair i réimse suíomhanna. Déanann daltaí imscrúdú ar an tábhacht a bhaineann le haiste chothrom bia agus an tionchar a bhíonn ag roghanna bia ar shláinte agus ar fholláine an duine aonair. Fiosraíonn daltaí eochairthosca a théann i bhfeidhm ar rogha an bhia agus scrúdaíonn siad ullmhúchán sláinte an bhia. Cuireann daltaí a gcuid eolais i bhfeidhm ar na riachtanais chothaithe atá ag daoine aonair i réimse suíomhanna cúraim.

Is scrúdú scríofa dhá uair an chloig é an measúnú don aonad seo ina bhfuil idir fhreagairtí gairide agus fhreagairtí sínte de dhíth.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Cothaithe sa bhia	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar na feidhmeanna cothaithe agus ar na foinsí de phrótéine, carbaihiodráití, agus saille; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na feidhmeanna cothaithe agus ar na foinsí de vitimíní uiscethuaslagtha (B1, B12, agus C) agus de vitimíní sailltuaslagtha (A, D, E agus K); • eolas agus tuiscint a léiriú ar na feidhmeanna cothaithe agus ar na foinsí de mhianraí, (cailciam, fluairín agus iarann); • measúnú a dhéanamh ar thábhacht na hiontógála uisce agus sreabháin agus í a chur i bhfeidhm le daoine aonair ag céimeanna éagsúla saoil: <ul style="list-style-type: none"> – naíonáin; – páistí; – déagóirí; – daoine fásta; agus – daoine níos sine; agus • measúnú a dhéanamh ar pholaisiúicríd neamhstáirse (<i>NSP</i>) nó snáithín cothaithe agus í a chur i bhfeidhm le daoine aonair ag céimeanna éagsúla saoil: <ul style="list-style-type: none"> – naíonáin; – páistí; – déagóirí; – daoine fásta; agus – daoine níos sine.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Riochtaí nó neamhoird a bhaineann le haiste bia</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • anailís a dhéanamh ar na tosca riosca cothaithe agus ar chomhairle chúil le cosc a chur ar: <ul style="list-style-type: none"> – ailse phutóige; – galar cardashoithíoch; – hipirtheannas; – galar Crohn; – scorbach; – raicíteas; – daille oíche; – ainéime; – cáiréas fiacla; – diaibéiteas; – siondróm putóige greannaithí; – murtall; – oistéapóróis; agus – stróc;
<p>Tosca a théann i bhfeidhm ar iontógáil chothaithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> • measúnú a dhéanamh ar an dóigh a dtéann na rudaí a leanas i bhfeidhm ar rogha an bhia: <ul style="list-style-type: none"> – fógraíocht; – infhaighteacht; – creideamh, mar shampla an creideamh Giúdach, Hiondúch agus Moslamach; – eacnamaíoch; – eolas; – cultúr; – tosca síceolaíocha; – tosca fiseolaíocha, mar shampla galar céiliach, diaibéiteas, murtall nó galar corónach croí; agus – lipéadú;
<p>Ullmhúchán agus láimhseáil bhia</p>	<ul style="list-style-type: none"> • anailís a dhéanamh ar an tábhacht atá le dea-shláinteachas agus le cleachtais shábháilte nuair atá bia á stóráil agus á ullmhú; • na baictéir ar leith a bhaineann le nimhiú bia a shainithint (salmonella, campalabaictéar, E. coli agus stafalacocas órga); agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar na tosca a théann i bhfeidhm ar fhás na mbaictéar agus bianna ardriosca a shainithint.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Ullmhúchán agus láimhseáil bhia (ar lean.)	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none">• comharthaí agus airíonna nimhiú bia a aithint agus na daoine aonair is mó atá i mbaol; agus• eolas agus tuiscint a léiriú ar an reachtaíocht agus na rialacháin reatha a bhaineann le stóráil agus ullmhúchán bia:<ul style="list-style-type: none">– <i>The Food Safety (Northern Ireland) Order 1991; agus</i>– <i>Food Hygiene (Northern Ireland) Regulations 2006.</i>

